

NUACHTIITIR

Gaelscoil Thaobh na Coille

01/09/2015

FICHE BLIAIN AG FÁS

1995 - 2015

Tá an-riméad orainn go bhfuil clós nua uile-aimsire againn ar shuíomh na scoile. Tosaíodh ar an obair i lár mí lúil agus cuireadh i gcrích í an tseachtain seo caite díreach in am do thús na scoil bhliana nua.

Ba mhaith liom fíor-bhuíochas a ghabháil leis an bhfo-choiste a chuaigh i mbun na hoibre agus a chinntigh gur éirigh linn clós uile-aimsire a bheith againn. Míle buíochas le Conor Mac Daid, David Ó Murchú, Colm Mac Giolla Phádraig, Archie Ó Ruairc, & Glenn Ó Cuinneagáin as tabhairt faoin dtionscnamh seo, as a gcuid saineolas a roinnt agus as a gcuid ama a thabhairt go flaithiúil ar son na scoile. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Glenn (Donnelly Troy & Associates) a rinne bainistiú ar an dtionscnamh ó thús go deireadh agus a chinntigh gur cuireadh an obair ar fad i gcrích gan deacracht, gan mhoill agus laistigh den bhuiséad!

Nuair a bhíonn na billí ar fad tagtha isteach beidh a fhios againn cé mhéad airgid breise a bheidh orainn a thiomsú le cuir leis an t-airgead a bhí sábhailte againn leis an gclós uile-aimsire a thógáil. Táimíd thar a bheith dóchasach go mbeidh an figiúr sin i bhfad níos ísle ná mar a cheapamar a bheadh sé sa chéad dul síos.

Nach íontach an bronntanas lá breithe atá againn don 20 bliain!

We are absolutely delighted to have a new all-weather yard on the school site. The project was started in the middle of July & completed last week just in time for the opening of the new school year.

I would like to take this opportunity to thank the sub-committee who worked on this project and ensured that our wish to have an all-weather yard in school became a reality. Míle buíochas to Conor Mac Daid, David Ó Murchú, Colm Mac Giolla Phádraig, Archie Ó Ruairc, & Glenn Ó Cuinneagáin for taking on this project, sharing their expertise and giving of their time so generously. I would like to say a special go raibh maith agat to Glenn (Donnelly Troy & Associates) who project managed the project from start to finish and ensured that all work was carried out seamlessly, on schedule and within budget.

Once the final bills come in we will let you know what the total cost of the project was and exactly how much we will need to fundraise in order to add to the money that we had already saved for the project. We are confident that the final figure will be very manageable and a lot less than we originally anticipated.

What a great 20th birthday present for the school!

Is mise le meas

<u>Emer Nic Chanchradha</u>

Príomhoide



Clós Uile-Aimsire New All-weather Yard

Socraithe Nua Bailithe

Ar Maidin

Tá socraithe nua á chur i bhfeidhm againn i mbliana d'am tosaithe na scoile.

Baileoidh daltaí N1, N2 agus R1 ar an gclós tosaigh os comhair na scoile ag 8.50am gach maidin.

Baileoidh daltaí R2, R3, R4, R5 & R6 ar an gclós mór ag taobh na scoile, mar a rinne go dtí seo ag 8.50am.

Am Dul Abhaile (gan athrú)

Bailítear daltaí N1 & N2 ón gclós tosaigh os comhair na scoile ag 1.30pm gach lá.

Bailítear daltaí R1, R2, R3, R4, R5 & R6 ón gclós mór ag taobh na scoile ag 2.30pm gach lá.

New Drop off & Collection Arrangements

Morning Time

New arrangements in place for school opening time.

The pupils in N1, N2 and R1 will gather in the yard to the front of the school at 8.50am.

The pupils in R2, R3, R4, R5 and R6 will gather in the big yard to the side of the school (basketball courts) as has been the practice so far at 8.50am.

Home Time (no change)

The pupils in N1, N2 are collected from the yard to the front of the school at 1.30pm

The pupils in R2, R3, R4, R5 and R6 are collected from the big yard to the side of the school at 2.30pm

Leathanach 2

Rang 5B

Go mí-ábharach bhí timpiste spóirt ag an Múinteoir Colm Ó Coisdealbha agus ní bheidh sé in ann tosú linn go ceann cúpla seachtaine. Beidh an Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh ag múineadh an rang go dtí sin.

Foirmeacha Sonraí Pearsanta

Muna bhfuil Foirm Sonraí Pearsanta 2015/2016 do pháiste(í) seolta ar ais agat cheana féin ar mhiste leat é a dhéanamh anois. Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh na sonraí cearta againn.

Ailléirge Cnónna

larraimid nach dtugtar cnónna/bia le cnónna mar chuid den lón scoile mar go bhfuil droch-ailléirge ag roinnt daltaí le cnónna.

Éide Scoile

Éide Scoile Iomlán

Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán, a chaitheamh an t-am ar fad. Caithtear an culaith spóirt ar an lá go ndéantar corp oideachas agus ar an lá sin amháin. Bróga Scoile

Bróga dubh nó dubhghorm amháin ba cheart a bheith á chaitheamh ag na páistí ar scoil. Níl bróga nó bróga reatha ildaite ceadaithe. (Bróga reatha dubh, dubhghorm nó bán)

Laethanta Corp Oideachais Dé hAoine: R3, R4, R5, R6 Dé Luain: N1, N2, R1, R2

Na Naíonáin

Tá sé de rogha ag na naíonáin an culaith spóirt a chaitheamh lá ar bith gur mian leo.

Traenáil CLG

Nuair a bhíonn treanáil CLG ar siúl laistigh d'am scoile (An Mháirt) caitheann na ranganna atá i gceist an culaith spóirt. Athraíonn na ranganna seo ó théarma go téarma.

- 1. Meán Fómhair/Deireadh Fómhair : R1A, R1B, R2A & R2B
- 2. Samhain/Nollaig: R1A, R1B, R3A & R3B

Ceachtanna snámha

Freastalaíonn daltaí R1, R2 & R3 ar cheachtanna snámha i linn snámha Meadowbrook i mBaile an tSaoir mar chuid den Chorp Oideachas. Tá 3 sheisiún (9 seachtainí an seisiún) curtha in áirithe dár scoil rud a chiallaíonn gur féidir le rang ghrúpa **éagsúil freastal ar ranganna snámha gach téarma. €65 an costas** a bheidh ar na ceachtanna snámha seo (costas an bhus san áireamh). Seo a leanas na socraithe atá déanta againn don scoil bliain seo 2015/2016

Téarma 1 : **R3A & R3B : Ag tosú Dé hAoine 18/09/15 →**Téarma 2 : R2A & R2B : Dé hAoine 08/01/2016 →
Téarma 3 : R1A & R1B : Dé hAoine 08/04/2016 →

Airíoch Nua

Tá Colm Mac Giolla Phádraig ceapaithe mar airíoch in áit Liam Ryder a d'éirigh as i mí an Mheithimh. Is iar-thuismitheoir agus cara dílis de chuid na scoile é Colm agus táimíd thar a bheith sásta go bhfuil sé ag obair linn mar chuid d'fhoireann na scoile. Guímíd gach rath ar sa ról nua seo.

Rang 5B

Unfortunately an Múinteoir Colm Ó Coisdealbha had a small sporting accident and he is unable to work for a couple of weeks. An Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh will be teaching the class until then.

Foirmeacha Sonraí Pearsanta

If you have not returned your child's Personal Details Form for 2015/2016 please do so immediately, It is extremely important that we have the correct contact details for all pupils.

Nut Allergy

We ask that nuts & foods containing nuts would not be sent in to school for lunch as several children in the school suffer from severe nut allergies.

School Uniform

School Uniform

All pupils from first to sixth class must wear the school uniform at all times. The school tracksuit is worn once a week i.e. the day on which they have P.E.

School Shoes

Only black or navy shoes are to be worn to school. Coloured shoes or runners are not permitted as they are not part of the school uniform. (Runners can be black, navy or white)

P.E. Days

Friday: R3, R4, R5, R6 Monday: N1, N2, R1, R2

Junior & Senior Infants

The infants have the option of wearing the tracksuit at all times or any day they wish.

GAA Training

GAA training takes place on Tuesdays during school hours. The classes involved in the training wear their tracksuit on Tuesdays. The classes change from term to term.

September/October: R1A, R1B, R2A & R2B
 November/December: R1A, R1B, R3A & R3B

Swimming lessons

Swimming lessons are arranged for the pupils of R1, R2 & R3 in Meadowbrook swimming pool in Ballinteer as part of the physical education curriculum. Each class attends classes for 9 consecutive weeks. Three terms of 9 weeks each have been set aside for Gaelscoil Thaobh na Coille which means that one class group attends each term. The cost of the swimming lessons is €65 (which includes the cost of bus transport). The following arrangements have been made for this school year 2015/2016:

Term 1 : R3A & R3B : Starting Friday 18/09/2015 →

Term 2 : R2A & R2B : Friday $08/01/2016 \rightarrow$ Term 3 : R1A & R1B : Friday $08/04/2016 \rightarrow$

New Caretaker

Colm Mac Giolla Phádraig has been appointed school caretaker to replace Liam Ryder who retired in June. Colm is a past-parent and great friend of the schools and we are delighted to have him as a member of the school staff. We wish him every success in this new role.